

CÉARD IAD NA HÍOCAÍOCHTAÍ CGC ATÁ DLITE AR 31 Eanáir, 2019

An méid cánach atá dlite i leith gnóthachain chaipitiúla a rinne tú ar dhiúscairtí sa tréimhse 1 Nollaig 2018 go 31 Nollaig 2018.

CGC A CHUR SAN ÁIREAMH AR DO THUAIRISCEÁN CÁNACH FÉINMHEASÚNAITHE

Chomh maith le d'íocaíocht, iarrtar ort freisin tuairisceán i leith gnóthachan caipitiúil a dhéanamh ar an bhfoirm um an tuairisceán bliantúil ioncaim ar 31 Deireadh Fómhair nó roimhe sa bhliain tar éis na bliana cánach ina ndéantar an diúscairt. Más rud é nach n-iarrtar ort go hiondúil tuairisceán cánach ioncaim a thíolacadh, ba chóir duit do thuairisceán gnóthachan caipitiúil a dhéanamh ar fhoirm CG1. Féadtar foirm tuairisceáin a fháil ó d'oifig cánach, ó Sheirbhís Foirmeacha agus Bileog na gCoimisinéirí Ioncaim, nó ó shuíomh idirlín na gCoimisinéirí Ioncaim www.revenue.ie.

ÍOCAÍOCHT CGC A DHÉANAMH

Féadann custaiméirí atá cláraithe le haghaidh Sheirbhís ar Líne na gCoimisinéirí Ioncaim (ROS) íocaíochtaí a dhéanamh ar ROS. Féadann custaiméirí nach bhfuil cláraithe le haghaidh ROS íocaíocht a dhéanamh ar moChúrsaí (féach lastall le haghaidh sonraí ar mhodhanna íocaíochta).

Féadann custaiméirí nach bhfuil cláraithe le haghaidh ROS úsáid a bhaint as an bhfoirm seo chun críocha íocaíocht Cánach Gnóthachan Caipitiúil a dhéanamh i leith na tréimhse 1 Nollaig 2018 go 31 Nollaig 2018. Ba chóir an fhoirm chomhlánaithe a chur faoi bhráid **Oifig an Ard-Bhailitheora, Teach an tSairséalaigh, Sráid Phroinséis, Luimneach, V94 R972.**

Tabhair do d'aire nach tuairisceán cánach í an fhoirm seo. Má thíolacann tú an fhoirm seo, iarrtar ort fós tuairisceán i leith an gnóthachain chaipitiúil a thabhairt mar atá thuas.

Tá sé tábhachtach go n-íoctar an méid ceart Cánach Gnóthachan Caipitiúil agus go n-íoctar in am é. Má loictear é seo a dhéanamh, éireoidh táillí úis aníos.

CÁIN GNÓTHACHAN CAIPITIÚIL (CGC) B

Ainm:

Seoladh:

Síniú:

Dáta:

Uimhir PSP:

Gheobhaidh tú d'Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí ar do Dheimhniú Creidmheasanna Cánach.

Cuir isteach méid na Cánach Gnóthachan Caipitiúil sa réimse cuí thíos le haghaidh na tréimhse léirithe.

Méid na híocaíochta le haghaidh .00
01/12/18- 31/12/18

Euro iomlán amháin - ná cuir cent isteach

Cáin Gnóthachan Caipitiúil

MODHANNA ÍOCAÍOCHTA

Féadtar íocaíocht a dhéanamh i leith dliteanas cánach trí cheann amháin de na modhanna seo a leanas:

1. Seirbhís ar Líne na gCoimisinéirí Ioncaim (ROS)

Féadfaidh custaiméirí ROS íocaíochtaí a dhéanamh ar líne trí ROS. Chun teacht ar ROS, nó chun clárú le haghaidh ROS, cliceáil ar an nasc ROS ar leathanach baile na gCoimisinéirí Ioncaim ar www.revenue.ie.

2. moChúrsaí

Féadfaidh custaiméirí moChúrsaí íocaíochtaí a dhéanamh ar líne trí chliceáil ar an nasc moChúrsaí ar leathanach baile na gCoimisinéirí Ioncaim. Féadtar clárú le haghaidh moChúrsaí ar an nasc “Cláraigh le haghaidh moChúrsaí” ar www.revenue.ie. Beidh do UPSP agus pasfhocal ag teastáil chun íocaíocht a dhéanamh. Féadtar moChúrsaí a úsáid chun íocaíocht CGC a dhéanamh má tá tú cláraithe cheana féin le haghaidh CGC nó má bhí tú cláraithe roimhe seo le haghaidh CGC, ach úsáid a bhaint as:

- cárta dochair nó cárta creidmheasa
- dochar aon uaire – ‘Treoir Dochair Aonair’ – ag baint úsáid as cuntas bainc

AN TÁBHACHT LE HÍOCAÍOCHTAÍ PRASA

- Cinntigh go gcuireann tú a dhóthain ama ar leataobh – trí lá ar a laghad – le go mbainfidh d’íocaíocht oifig an Ard-Bhailitheora amach faoin dáta dlite.
- Gearrtar muirear úis ar cháin a íoc go déanach.
- Má loictear dliteanas cánach a íoc, nó íocaíocht a dhéanamh in am, féadfaidh sé go ndéanfar bailiú éigeantach tríd an Sirriam, imeachtaí Cúirte nó Fógra Astaithe.

Tá costais ag baint le bailiú éigeantach, ar bharr aon ús a ghearrtar.

FIOSRUITHE

Ba chóir fiosruithe maidir le dliteanais a chur chuig d’oifig áitiúil de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim. Ba chóir gach fiosrú maidir le híocaíochtaí a chur faoi bhráid Oifig an Ard-Bhailitheora, Teach an tSáirséalaigh, Sráid Phroinséis, Luimneach, V94 R972, nó de rogha air sin féadtar teagmháil a dhéanamh leis an oifig seo ar (01) 7383663.